

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1490 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Márta 2022

maidir le bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha a údarú mar bhreiseáin beatha do speicis áirithe ainmhithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhí agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin, foráiltear d'athmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha a údarú gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE mar bhreiseáin beatha do gach speiceas ainmhithe. Ina dhiaidh sin cuireadh na breiseáin sin i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, rinneadh iarratas a thíolacadh chun athmheastóireacht a dhéanamh ar an mbláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha i gcomhair gach speicis ainmhithe.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir ar an mbláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha a bheith údaraithe freisin lena húsáid in uisce i gcás óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, ní cheadaítear “comhdhúile blaistithe” a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha in uisce óil a cheadú.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

- (5) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí na breiseáin i gcatagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus san fheidhmghrúpa "comhdhúile blaitithe". Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (6) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ina thuairim an 18 Márta 2021 ⁽³⁾, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, nach bhfuil tionchar díobhálach ag bláthola líomóide eastósctha, codán iarmharach d'ola líomóide eastósctha driogtha, bláthola líomóide eastósctha driogtha (codán so-ghalaithe) ná bláthola líoma driogtha ar shláinte ainmhithe, ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol. Bhain an tÚdarás de tháil de ghnáth nach nochtar peataí (ainmhithe tionlacain agus éisc ornáideacha) ar bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha, dá bhrí sin, ní féidir aon chonclúid a tharraingt i leith na speiceas sin. Dá thoradh sin, ní féidir na breiseáin sin a údarú do na speicis sin. Chinn an tÚdarás freisin gur cheart bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha a mheas mar íogróirí craicinn agus mar ghreannaitheoirí don chraiceann agus do na súile agus don chonair an riospraide agus, chomh maith leis sin, go bhféadfadh ola líomóide eastósctha agus a codán iarmharach ina bhfuil furocoumarins a bheith ina gcúis le fótatocsaineacht. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin.
- (7) Chinn an tÚdarás gur cheart bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha a aithnítear chun bia a bhlaistiú de bhlaistiú bia agus gurbh ionann, go bunúsach, an fheidhm atá acu i mbia agus an fheidhm atá acu i mbeatha, agus dá bhrí sin, meastar nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. Rinne sé an tuarascáil maidir leis na modhanna anailíse ar na breiseáin bheathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a fhíorú freisin.
- (8) Léirítear leis an measúnú ar an ar an mbláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (9) Cé nach n-údaráítear bláthola líomóide fuarbhrúite, codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha, bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) agus bláthola líoma driogtha lena n-úsáid mar bhlastáin in uisce óil, ní chuirtear bac ar a n-úsáid i mbeatha chumaisc a thugtar trí uisce.
- (10) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Tá na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus leis an bhfeidhmghrúpa "comhdhúile blaitithe" údaraithe mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2021;19(4):6548.

*Airteagal 2***Bearta idirthréimhseacha**

1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 29 Márta 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 29 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á chur ar an margadh agus á úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 29 Meán Fómhair 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 29 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á chur ar an margadh agus á úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh 29 Meán Fómhair 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 29 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraith	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraith
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe									
2b139-eo	-	Bláthola líomóide fuarbhrúite	Comhdhéanamh an bhreiseáin	Sicíní lena ramhrú	-	-	35	1. Déanfar an breiseán a ion- chorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le hús- áid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhs- aíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadaítear bláthola líomóide fuarbhrúite a mheascadh le breiseáin beatha luibheol- aíocha eile ar coinníoll go bhfuil na méideanna pirileail- déaid, fúracúmairíní agus meatocsacúmairíní sna hábh- air bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le hagh- aidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eag- raíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéad-	29 Meán Fómhair 2032
			Bláthola líomóide fuarbhrúite ó chraiceann torthaí <i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck	Turcaithe lena ramhrú Salmainidí			40		
			Foirm leachtach				52		
			Tréithriú na substainte gníomhaí Bláthola líomóide fuarbhrúite a fhaightear trí fhuarbhrú ó chraiceann torthaí <i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾	Béaróga			74		
				Muca lena ramhrú			62		
				Bainbh			92		
				Cránacha			90		
			d-Líomainéin: 60-73 %	Laonna (bainne púdrach) Eallaí lena ramhrú Ba déiríochta					
			β-Pinéin (pin-2(10)-éin): 9-18 %						
			γ-Teirpinéin: 6-12 %						
			α-Pinéin (pin-2(3)-éin): 1,3-3,0 %						
			Saibinéin (4(10)-túighéin): 0,3-3,0 %						
			Geiréinial: 0,1-2,0 %						
			Neral: 0,1-1,8 %						
			Pirileaildéad: ≤ 0,023 %						
			Fúracúmairíní: ≤ 0,3 %						
			Meatocsacúmairíní: ≤ 0,06 %						

			Uimhir CAS: 84929-31-7 Uimhir FEMA 2625 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 139					fadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	
			Modh anailíse ⁽²⁾ Chun an marcóir fíticheimiceach d-liomainéin a chainníochtú sa bhreiseán beatha nó i meascán de chomhdhúile blaitithe: — Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 855)	Capaill Caoirigh/Gabhair Coiníní			137 30		
2b139- rf	-	Codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha	Comhdhéanamh an bhreiseáin Codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha ó chraiceann torthaí <i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck Foirm leachtach Tréithriú na substainte gníomhaí Codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha faighte trí dhriogadh ola líomóide arna fuarbhrú ó chraiceann torthaí <i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck Is mar seo leanas atá sonraíochtaí na substainte gníomhaí: d-Liomainéin 5989-27-5 01.045 51-63 53.3 49.-.3-56.8 c-Teirpinéin 99-85-401.0208-1716.912.8-23-23.3	Sicíní lena ramhrú Béaróga Turcaithe lena ramhrú Coiníní Salmainidí Athchogantaigh Bainbh Muca lena ramhrú Cránacha Capaill	-	-	11 12 20 20 24 30 35	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadaítear codán iarmharach d'ola líomóide fuarbhrúite driogtha a mheascadh le breiseáin beatha luibheolaíocha eile ar coinníoll go bhfuil na méideanna pirileaildéaid, fúracúmairíní agus meatocsacúmairíní sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe.	29 Meán Fómhair 2032

			Geiréinial 141-27-505.1886–1210.49.5–11-11.2 Neral 106-26-3 0.8724 5–9 7.8 6.2–8.9 b-Pinéin (pin-2(10)-éin) 127-91-3 01.003 0.3–5.5 1.24 0.3-32–3.38 b-Biosabailín 495-61-4 01.028 0.3–4 d-Líomainéin: 51-63 % γ-Teirpinéin: 8-17 % Geiréinial: 6-12 % Neral: 5-9 % β-Pinéin (pin-2(10)-éin): 0,3-5,5 % β-Biosabailín: 0,3-4 % Pirileaildéad: ≤ 0,092 % Fúracúmairíní: ≤ 0,8 % Meatocsacúmairíní: ≤ 0,22 % Uimhir Chomhairle na hEorpa: 139 <i>Modh anailíse ⁽²⁾</i> Chun an marcóir fiticheimiceach <i>d-líomainéin</i> a chainníochtú sa bhreiseán beatha nó i meascán de chomhdhúile blaitithe: — Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 855)					4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú	
--	--	--	--	--	--	--	--	---	--

2b139-di	-	Bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe)	Comhdhéanamh an bhreiseáin	Sicíní lena ramhrú	-	-	36	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadáítear bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) a mheascadh le breiseáin beatha luibheolaíocha eile ar coinníoll go bhfuil na méideanna pirileaildéaid, fúracúmairíní agus meatocsacúmairíní níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	29 Meán Fómhair 2032
			Bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) a fhaightear ó bhláthola líomóide arna fuarbhrú ó chraiceann torthaí <i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck Foirm leachtach	Béaróga			53		
				Coiníní			56		
				Turcaithe lena ramhrú			48		
			Tréithriú na substainte gníomhaí Bláthola líomóide driogtha (codán so-ghalaithe) a fhaightear ó bhláthola líomóide arna fuarbhrú ó chraiceann torthaí <i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾ Is mar seo leanas atá sonraíochtaí na substainte gníomhaí: d-Líomainéin: 66-78 % β-Pinéin (pin-2(10)-éin): 5-20 % γ-Teirpinéin: 1,5-9,5 % α-Pinéin (pin-2(3)-éin): 0,5-3,0 % Saibinéin: 0,3-3,0 % Fúracúmairíní: ≤ 0,1 mg/kg Meatocsacúmairíní: ≤ 0,1 mg/kg Uimhir Chomhairle na hEorpa: 139	Bainbh			64		
				Muca lena ramhrú			76		
				Cránacha			94		
				Laonna (bainne púdrach) Eallaí lena ramhrú Caoirigh/Gabhair			95		
				Capaill			141		
			Modh anailíse ⁽²⁾ Chun an marcóir fíticheimiceach d-líomainéin a chainníochtú sa bhreiseán beatha nó i meascán de chomhdhúile blaistithe: — Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 855)	Ba déiríochta			91		
				Salmainidí Éisc ornáideacha Madraí			60		
				Cait			30		

2b141-eo	-	Bláthola líoma driogtha)	Comhdhéanamh an bhreiseáin	Sicíní lena ramhrú	-	-	8,5	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadáítear bláthola líoma driogtha a mheascadh le breiseáin beatha luibheolaíocha eile ar coinníoll go bhfuil na méideanna pirileaildéaid, fúracúmairíní agus meatocsacúmairíní sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	29 Meán Fómhair 2032
			Bláthola líoma driogtha) a fhaightear ó thorthaí an speicis planda <i>Citrus aurantiifolia</i> (Christm.) Swingle agus an craiceann leo	Béaróga			12,5		
			Foirm leachtach	Turcaithe lena ramhrú			11		
				Bainbh			15		
			Tréithriú na substainte gníomhaí	Muca lena ramhrú			18		
			Bláthola líoma driogtha) a fhaightear ó thorthaí an speicis planda <i>Citrus aurantiifolia</i> (Christm.) Swingle mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ⁽¹⁾ agus an craiceann leo	Cránacha atá ag tál			22		
				Eallaí lena ramhrú			33,5		
			Is mar seo leanas atá sonraíochtaí na substainte gníomhaí: d-Líomainéin: 45-52 % γ-Teirpinéin: 10-14 % Teirpiniléin: 5,5-10,5 % αTeirpiníól: 6-8 % β-Carifilléin: 0,2-0,8 % Fúracúmairíní: ≤ 0,0083 % Meatocsacúmairíní: ≤ 0,03 % Uimhir Chomhairle na hEorpa: 141	Laonna (bainne púdrach)			35,5		
				Ba déiríochta			21,5		
				Caoirigh/Gabhair Capaill			33,5		
				Coiníní			13,5		
				Salmainidí Éisc ornáideacha			30		
			Modh anailíse ⁽²⁾ Chun an marcóir fíticheimiceach <i>d-líomainéin</i> a chainníochtú sa bhreiseán beatha nó i meascán de chomhdhúile blaitithe:						

			— Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin las- rach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 855)						
--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha bhlastán — Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>